C/2024/1949

5.3.2024

Foilsiú teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach a fhormheas, ar leasú é ar shonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona, dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún

(C/2024/1949)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún [1].

FORMHEAS LEASAITHE CHAIGHDEÁNAIGH A CHUR IN IÚL

'Rueda'

PDO-ES-A0889-AM04

Dáta na teachtaireachta: 19.12.2023

TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS CÚISEANNA LEIS

1. **Leasú ar na forálacha maidir le lipéadú**

Tuairisc:

Baineadh an ceanglas a bhí ann chun léiriú ar an mbliain buainte a athrú ar an lipéadú tánaisteach (nach n-áiríonn na mionsonraí éigeantacha).

Leasaíodh pointe 8(b)(3) den tsonraíocht táirge agus pointe 9 den doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é óir is athrú ar shaintréithe an lipéadaithe é nach dtagann faoi aon cheann de na catagóirí a leagtar amach in Airteagal105(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 (CEM aonair).

Cúis:

De thoradh inbhuanaitheacht a bheith ina cnámh droma de bheartais agus straitéisí nua príobháideacha agus poiblí in earnáil an fhíona rinneadh cinneadh athbhreithniú a dhéanamh ar an tsonraíocht táirge i dtéarmaí a hiarmhairtí agus a tionchar comhshaoil. Chuige sin, measadh gur ghá an leasú sin toisc go mbeidh tionchar oibiachtúil aige ar lipéid a tháirgeadh, mar gur féidir iad a úsáid le haghaidh blianta buainte difriúla gan ghá iad a scriosadh, mar a rinneadh go dtí seo.

2. **Comhlacht tarmligthe le haghaidh rialuithe a áireamh**

Tuairisc:

Áiríodh mionsonraí an chomhlachta dá dtarmligtear fíorú ar chomhlíontacht leis an tsonraíocht táirge.

Baineann an leasú seo le pointe 9(a) den tsonraíocht táirge agus ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é óir ní thagann sé faoi aon cheann de na catagóirí a leagtar amach in Airteagal 105(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 (CEM aonair).

Cúis:

Tarmligtear na cúraimí rialaithe don Bhord Rialála le haghaidh an ainmniúchán tionscnaimh 'Rueda' le Rún Ard-Stiúrthóir d'Institiúid Teicneolaíochta Talmhaíochta na Caistíle agus León, mar an t-údarás inniúil, a luaithe a bheidh creidiúnú ag an mBord sin faoi chaighdeán UNE-EN ISO/IEC 17065:2012 'Measúnú comhréireachta. Ceanglais maidir le comhlachtaí a dheimhníonn táirgí, próisis agus seirbhísí'. Is mar a leanas atá sonraí an chomhlachta rialaithe agus deimhniúcháin:

[1] IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

BORD RIALÁLA LE hAGHAIDH AN AINMNIÚCHÁN TIONSCNAIMH FAOI CHOSAINT 'RUEDA'
Calle Real, 8
47490 Rueda — Valladolid
AN SPÁINN

Teileafón: +34 983868248

Ríomhphost: direcció@dorueda.com

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm (ainmneacha)**

Rueda

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC – Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

1. Fíon

3. Fíon licéir

5. Fíon súilíneach ar ardchaighdeán

4. **Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fíonta**

1. FÍON GEAL

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Cuma: Bíonn dath idir buí éadrom agus buí amhail tuí orthu le toin órga nó scothghlasa. Glan.

Dea-bholadh: Maothlach. Bíonn déine mheasartha acu, agus bíonn dea-bholaithe torthaíocha agus/nó bláthacha agus/nó dea-bholaithe luibheacha príomhúla acu.

Blas: Maothlach

I bhfíonta geala atá coipthe nó aosaithe i mbairillí, beidh na saintréithe orgánaileipteacha ag brath ar an bpróiseas fíonóireachta. Maidir leis an gcuma, is féidir go mbeidh na dathanna níos déine (déine idir measartha agus ard). Maidir leis an mboladh, tiocfaidh dea-bholaithe chun cinn lena dtáscfar an t-am atá caite sa bhairille. Maidir leis an mblas, beidh an blas dian, le tainniní cothromaithe agus iarbhlas a chuireann dea-bholaithe treasacha i gcuimhne.

* I gcás teorainneacha nár sonraíodh, ní mór an reachtaíocht atá i bhfeidhm a chomhlíonadh.

* Aigéadacht sho-ghalaithe uasta. I gcás fíonta geala a choipeadh agus/nó a aosaíodh sa bhairille, níor cheart an aigéadacht luaineach a bheith níos mó ná 1 g/l arna léiriú mar aigéad aicéiteach.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)	
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)	11
Aigéadacht iomlán íosta	4,7 gram in aghaidh an lítir, arna léiriú mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (ina mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	10,83
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (ina milleagraim in aghaidh an lítir)	180

2. FÍON DEARG SUAS GO 1 BHLIAIN AMHÁIN D'AOIS

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Cuma: Idir dath an rúibín agus dath caordhearg le toin vialaite. Glan.

Dea-bholadh: Bíonn déine mheasartha aige agus bíonn dea-bholaithe príomhúla torthaí dubha agus/nó dearga den chuid is mó uaidh.

Blas: Maothlach, idir déine mheasartha agus déine ard.

* I gcás teorainneacha nár sonraíodh, ní mór an reachtaíocht atá i bhfeidhm a chomhlíonadh.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (ina % de réir toirte)	
Neart alcóil iarbhír íosta (ina % de réir toirte)	12
Aigéadacht iomlán íosta	4 ghram in aghaidh an lítir, arna léiriú mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (ina mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	11,67
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (ina milleagraim in aghaidh an lítir)	150

3. FÍONTA DEARGA OS CIONN 1 BHLIAIN AMHÁIN D'AOIS (AOSAITHE I mBAIRILLÍ)

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Cuma: Idir dath an rúibín agus dath caordhearg orthu. Glan.

Dea-bholadh: Idir déine mheasartha agus déine ard. Is féidir dea-bholaithe príomhúla, dea-bholaithe tánaisteacha (mar ghiosta agus/nó arán) agus dea-bholaithe treasacha a bheith mar thréith sna fíonta sin as a bheith aosaithe in adhmad darach.

Blas: Maothlach, iarbhlas a chuireann aosú in adhmad darach i gcuimhne.

* Aigéadacht sho-ghalaithe uasta. (meq/l).13,33 suas go 10° Alc + 0,06 g/l in aghaidh gach céime de neart alcóil os cionn 10.

* I gcás teorainneacha nár sonraíodh, ní mór an reachtaíocht atá i bhfeidhm a chomhlíonadh.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)	
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)	12
Aigéadacht iomlán íosta	4 ghram in aghaidh an lítir, arna léiriú mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (ina mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	13,33
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (ina milleagraim in aghaidh an lítir)	150

4. FÍON LICÉIR - Órga

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Cuma: Dath buí órga nó órga air. Glan.

Dea-bholadh: Déine ard. Coinnítear ar bun na dea-bholaithe tánaisteacha (mar arán) i dteannta na ndea-bholaithe treasacha a chuirtear ar fáil leis an adhmad, amhail dea-bholaithe tóstáilte agus /nó toite agus/nó spíosracha nó dea-bholaithe de thorthaí triomaithe.

Blas: Blas cothrom air, é olartha (idir déine mheasartha agus déine ard) le hiarbhlas a chuireann dea-bholaithe treasacha i gcuimhne (torthaí triomaithe agus/nó blasanna foluiteacha tóstáilte agus/nó spíosracha).

* I gcás teorainneacha nár sonraíodh, ní mór an reachtaíocht atá i bhfeidhm a chomhlíonadh.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)	
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)	15
Aigéadacht iomlán íosta	4 ghram in aghaidh an lítir, arna léiriú mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (ina mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (ina milleagraim in aghaidh an lítir)	150

5. FÍON LICÉIR - Éadrom

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Cuma: Idir dath buí amhail tuí agus órga éadrom air. Glan.

Dea-bholadh: Déine ard. Coinnítear na dea-bholaithe tánaisteacha agus treasacha a sholáthraíonn an chéim aosaithe bhitheolaíoch ar bun (almóinní agus/nó giosta aráin agus/nó blasanna spíosracha).

Blas: Blas cothrom air, olartha agus le hiarbhlas a chuireann na dea-bholaithe a fhaightear trí aosú bitheolaíoch i gcuimhne.

* I gcás teorainneacha nár sonraíodh, ní mór an reachtaíocht atá i bhfeidhm a chomhlíonadh.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)	
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)	15
Aigéadacht iomlán íosta	4 ghram in aghaidh an lítir, arna léiriú mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (ina mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (ina milleagraim in aghaidh an lítir)	150

6. FÍON SÚILÍNEACH AR ARDCHAIGHDEÁN, geal agus rosé

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Cuma: Glan. Súilíní míne le hiarbhlas idir iarbhlas meánach agus iarbhlas fada.

Dea-bholadh: Is iad na dea-bholaithe príomhúla (bláthach agus/nó torthaíoch) agus tánaisteacha (mar arán agus/nó giosta) is treise. Iad maothlach agus idir déine mheasartha agus déine ard.

Blas: Blas cothrom orthu. Iad úr, dé-ocsaíd charbóin (súilíní) comhtháite go maith, a chuireann dea-bholaithe tánaisteacha (d'arán agus tóstáilte) i gcuimhne beagáinín. Iad maothlach agus idir déine éadrom agus éadrom ard.

* I gcás teorainneacha nár sonraíodh, ní mór an reachtaíocht atá i bhfeidhm a chomhlíonadh.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)	
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)	9,5
Aigéadacht iomlán íosta	4,7 gram in aghaidh an lítir, arna léiriú mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (ina mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	0,65
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (ina milleagraim in aghaidh an lítir)	180

5. **Cleachtais fíonóireachta**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

1. Dlús íosta plandaithe le haghaidh planduithe nua

An modh saothraithe

Maidir le fíonghoirt ina dtáirgtear fíonchaora le húsáid chun fíon a chumhdaítear leis an ATFC 'Rueda' a dhéanamh agus a cuireadh ó 2019 ar aghaidh, ní mór dlús plandaithe íosta 1 100 fíniúin in aghaidh an heicteáir a bheith iontu.

2. Coinníollacha fíonóireachta - neart alcóil féideartha

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

12 % de réir toirte le haghaidh cineálacha dearga agus 10,5 % de réir toirte le haghaidh cineálacha geala a bheidh i neart alcóil féideartha íosta de réir toirte na mbaisceanna nó na mbeart a bhuantar go leithleach.

I gcás fíonchaora lena bhfuil sé beartaithe fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán a dhéanamh, ceadófar neart alcóil féideartha íosta de 9,5 % de réir toirte. Níor cheart na fíonchaora sin a úsáid chun cineálacha fíona eile a dhéanamh.

3. Toradh úsctha

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Beidh an uastáirgeacht fhoriomlán úsctha 72 lítear in aghaidh 100 kg d'fhíonchaora.

4. Coinníollacha aosaithe

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

1) - I gcás fíonta lena luaitear 'FERMENTADO EN BARRICA' (coipthe i mbairillí), ní mór bairillí darach a úsáid don choipeadh agus don aosú leis na moirt araon.

2) - Ní mór 'Vino Dorado' (fíon órga) dul faoi phróiseas aosaithe agus ocsaídithe a mhaireann ar feadh 4 bliana ar a laghad agus ní mór don fhíon fanacht i gcoimeádáin dharach ar feadh 2 bhliain ar a laghad sula gcuirtear ar an margadh é.

3) - Ní mór 'Vino Dorado' (fíon éadrom) a fháil trí aosú bitheolaíoch agus ní mór don fhíon fanacht i mbairillí darach ar feadh 3 bliana ar a laghad sula gcuirtear ar an margadh é.

5. Srianadh ábhartha maidir leis na fíonta a dhéanamh

Fíon geal, a dhéantar le 50 % na gcineálacha geala ar a laghad a mheastar gurb iad na príomhchineálacha iad.

Fíon súilíneach ar ardchaighdeán, a dhéantar le 75 % de na cineálacha ar a laghad a mheastar gurb iad na príomhchineálacha iad.

Fíon órga, fíon licéir tirim a dhéantar as na cineálacha údaraithe Palomino Fino agus/nó Verdejo.

Fíon éadrom, fíon licéir tirim a dhéantar as na cineálacha údaraithe Palomino Fino agus/nó Verdejo.

Ní mór fíon rosé a dhéanamh as 50 % ar a laghad de na cineálacha dearga údaraithe.

Ní mór fíon dearg a dhéanamh go heisiach as na cineálacha dearga údaraithe.

5.2. *Uastáirgeacht*

1. Verdejo, Sauvignon Blanc, Chardonnay agus Viognier (treilíse)

10 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

72 heictilítear in aghaidh an heicteáir

2. Viura (treilíse)

12 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

86,40 heictilítear in aghaidh an heicteáir

3. Verdejo, Sauvignon Blanc, Chardonnay agus Viognier (fíniúnacha ísle - a threoraítear ina gcuacha)

8 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

57,60 heictilítear in aghaidh an heicteáir

4. Viura agus Palomino fino (fíniúnacha ísle - a threoraítear ina gcuacha)

10 000 cileagram d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

72 heictilítear in aghaidh an heicteáir

5. Cineálacha fíonchaor dearg

7 000 cileagram d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

50,40 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. Fíonta súilíneacha a dhéantar as Verdejo, Sauvignon Blanc, Chardonnay agus Viognier (treilíse)

12 000 cileagram d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

86,40 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

1 — Tá an limistéar táirgthe le haghaidh an ATFC 'Rueda' suite i ndeisceart chúige Valladolid. Cumhdaíonn sé go páirteach iarthar chúige Segovia agus tuaisceart Ávila. Is iad seo a leanas na bardais a chuimsíonn an limistéar táirgthe:

Cúige Valladolid:

Aguasal, Alaejos, Alcazarén, Almenara de Adaja, Ataquines, Bobadilla del Campo, Bocigas, Brahojos de Medina, Carpio del Campo, Castrejón, Castronuño, Cervillego de la Cruz, El Campillo, Fresno el Viejo, Fuente el Sol, Fuente Olmedo, Gomeznarro, Hornillos, La Seca, La Zarza, Lomoviejo, Llano de Olmedo, Matapozuelos, Medina del Campo, Mojados, Moraleja de las Panaderas, Muriel, Nava del Rey, Nueva Villa de las Torres, Olmedo, Pollos, Pozal de Gallinas,

Pozaldez, Puras, Ramiro, Rodilana, Rubí de Bracamonte, Rueda, Salvador de Zapardiel, San Pablo de la Moraleja, San Vicente del Palacio, Serrada, Sieteiglesias de Trabancos, Tordesillas, Torrecilla de la Abadesa, Torrecilla de la Orden, Torrecilla del Valle, Valdestillas, Velascálvaro, Ventosa de la Cuesta, Villafranca del Duero, Villanueva del Duero agus Villaverde de Medina.

Cúige Ávila:

Blasconuño de Matacabras, Madrigal de las Altas Torres, Órbita (polagáin chadastracha 1, 2, 4 agus 5) agus Palacios de Goda (polagáin chadastracha 14, 17, 18, 19 agus 20).

Cúige Segovia:

Aldeanueva del Codonal, Aldehuela del Codonal, Bernuy de Coca, Codorniz, Coca (polagán 7, ar cuid de cheantar Villagonzalo de Coca é) Donhierro, Fuentes de Santa Cruz, Juarros de Voltoya, Montejo de Arévalo, Montuenga, Moraleja de Coca, Nava de la Asunción, Nieva, Rapariegos, San Cristóbal de la Vega, Santiuste de San Juan Bautista agus Tolocirio.

2. - Tá an limistéar aosaithe le haghaidh fíonta a chumhdaítear le ATFC 'Rueda' díreach mar an gcéanna leis an limistéar táirgthe.

7. **Cineál/cineálacha fíniúna**

CABERNET SAUVIGNON

CHARDONNAY

GARNACHA TINTA

MACABEO – VIURA

MERLOT

PALOMINO FINO - LISTÁN BLANCO

SAUVIGNON BLANC

SYRAH

TEMPRANILLO

VERDEJO

VIOGNIER

8. **Tuairisc ar an nasc (na naisc)**

8.1. *Fíon*

Gnéithe fíorthábhachtacha uile is ea an aeráid ilchríochach Mheánmhuirí (mórchodarsnachtaí teochta le geimhrí fada fuara, sioc déanach agus samhraí teo tirime), an ithir (ithreacha gairbhéalacha nó clochacha de ghnáth a chuireann cosc ar imghalú agus a chumasaíonn ionradaíocht ghréine uasta) agus an cineál dúchasach (Verdejo) maidir le pearsantacht shaintréitheach na bhfíonta sin a bhaint amach: le cineál Verdejo tugtar a n-aigéadacht shuaithinseach, a mblas suaithinseach sa bhéal agus a bpróifíl aramatach shuaithinseach d'fhíonta geala an limistéir sin. I bhfianaise aibíocht iontach na bhfíonchaor, tá na fíonta dearga aramatach, cothrom agus dea-struchtúrtha.

8.2. *Fíon licéir*

Rinneadh na fíonta sin sa limistéar ón aois ársa: fíonta milse aosaithe a dhéantar i siléir fíona faoi thalamh agus a ndéantar iad a aosú i mbairillí móra agus i gcoimeádáin d'fhonn an dath agus an dea-bholadh a bhaint amach atá ar na tréithe is mó d'aosú ocsaídiúcháin. Rian deireanach na modhanna fíonóireachta traidisiúnta sa limistéar is ea na fíonta sin a théann faoi aosú ocsaídiúcháin agus ní mór iad a chaomhnú mar gheall ar a n-uathúlacht agus a gcáilíocht.

8.3. *Fíon súilíneach ar ardchaighdeán*

Leis na saintréithe uathúla de chineál dúchasach Verdejo (aigéadacht eisceachtúil, próifíl aramatach agus blas maith sa bhéal) spreagadh déantóirí fíona sa limistéar fíonta súilíneacha a dhéanamh. Tá fíonta de cháilíocht den scoth ann dá thoradh sin ina bhfuil saintréithe na gcineálacha feabhsaithe go foirfe ag na hairíonna a fuarthas sa mhodh traidisiúnta.

9. **Coinníollacha breise fíor-riachtanacha (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Ceanglais maidir le pacáistiú

Creat dlíthiúil:

Sa reachtaíocht náisiúnta

An cineál coinníll breise:

Pacáistiú laistigh den limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Áirithítear buidéalú agus aosú sa bhuidéal leis an bpróiseas fíonóireachta, agus dá bhrí sin ní féidir na saintréithe orgánaileipteacha ar a dtugtar tuairisc sa tsonraíocht táirge seo a ráthú ach amháin má tharlaíonn gach ceann de na hoibríochtaí láimhseála fíona uile laistigh den limistéar táirgthe. Dá bhrí sin, d'fhonn cáilíocht a chosaint, bunáitíocht a rathú agus rialuithe a áirithiú, agus ag cur san áireamh go bhfuil buidéalú na bhfíonta a chumhdaítear le ATFC 'Arribes' ar cheann de na pointí criticiúla chun na saintréithe a shainítear sa tSonraíocht Táirge seo a fháil, ní mór an oibríocht sin a dhéanamh ag fíonghoirt atá lonnaithe ag na gléasraí buidéalaithe laistigh den limistéar táirgthe.

Sonraí éigeantacha

Creat dlíthiúil:

Dlí an Aontais

An cineál coinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Ní mór an t-ainm geografach 'Rueda' agus ina dhiaidh, an téarma 'Denominación de Origen Protegida' (Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint) agus/nó na túslitreacha 'DOP' (ATFC) nó an téarma traidisiúnta 'Denominación de Origen' (Ainmniúchán Tionscnaimh) a chuirtear in ionad 'DOP (Denominación de Origen Protegida)' (ATFC) (Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint) a áireamh agus a bheith le feiceáil go soiléir ar an lipéadú.

Ní mór bliain na buainte a léiriú, seachas i gcás na gcineálacha fíonta seo a leanas: órga, éadrom agus súilíneach ar ardchaighdeán (geal agus rosé).

I bhfíonta súilíneacha ar ardchaighdeán, ní mór an modh fíonóireachta a léiriú.

Sonraí roghnacha

Creat dlíthiúil:

Sa reachtaíocht náisiúnta

An cineál coinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

— Na téarmaí traidisiúnta 'CRIANZA', 'RESERVA' agus 'GRAN RESERVA', de réir na gcoinníollacha a leagtar amach sna caighdeáin agus sna rialacha sonracha, agus sa reachtaíocht is infheidhme chomh maith.

— An tagairt don mhodh fíonóireachta: 'ROBLE' (DAIR) agus 'FERMENTADO EN BARRICA' (AOSAITHE I mBAIRILLÍ), de réir na gcoinníollacha a leagtar amach sna caighdeáin agus sna rialacha sonracha, agus sa chuid eile den reachtaíocht is infheidhme chomh maith.

— Na téarmaí traidisiúnta 'DORADO' (ÓRGA) agus 'PÁLIDO' (ÉADROM) le haghaidh na gcineálacha fíona sainithe dá réir sin amháin, agus de réir na gcoinníollacha a leagtar amach sna caighdeáin agus sna rialacha sonracha, agus sa chuid eile den reachtaíocht is infheidhme chomh maith.

Mionsonraí éigeantacha (aonaid gheografacha níos lú)

Creat dlíthiúil:

Le haghaidh eagraíocht a bhainistíonn ATFCanna/TGFCanna, i gcás ina ndéanann Ballstáit foráil dó.

An cineál coinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Féadfar ainm aonaid gheografaigh atá níos lú ná iad siúd a liostaítear i Roinn 4 den tsonraíocht táirge seo (bardais) a úsáid i dteannta leis an téarma 'Vino de Pueblo' (fíon baile), chomh fada agus a fuarthas 85 % de na fíonchaora a úsáideadh chun an fíon faoi chosaint a dhéanamh ó dháileachtaí atá suite laistigh den bhardas ábhartha.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

www.itacyl.es/documents/20143/342640/PCC+DOP+RUEDA_en+vigor.docx/7b724005-1ec0-810a-2cb1-2f9548056ead